
# CUAILLE

MEITHEAMH 2022

# Clár


| | |
|---|---|
| *Teachtaireacht Uachtarán CLG, Labhrás Mac Carthaigh* | 3 |
| *Teachtaireacht ó Ghráinne McElwain, Cathaoirleach Choiste Náisiúnta Gaeilge CLG* | 4 |
| *Ár gCluichí, Ár Laochra – Ryan O'Rourke* | 5 |
| *Na Contaetha – Na Clubanna Iomána* | 7 |
| *Ar Bhóithrín na Smaointe le Jerry Grogan* | 8 |
| *Ár gCluichí, Ár Laochra – Fergal Whitley* | 11 |
| *Paul Conroy na Gaillimhe – Ambasadóir Gaeilge CLG 2022* | 13 |
| *Gníomhaíochtaí Bunscoile* | 15 |
| *Babhtaí Ceannais Scór na nÓg 2020* | 16 |
| *Do Chlub, Do Chontae – Baile Buadáin Naomh Éanna* | 18 |
| *Cuimhní cinn ar Chormac Mac an Ailín* | 20 |
| *Cuardach Focal – Aimsigh na Téarmaí Imeartha* | 22 |
| *Cén fáth 'Corn Tailteann'?* | 24 |
| *Crosfhocal* | 25 |
| *Nodanna don Imreoir Óg le Paul Conroy* | 26 |
| *10 gCeist CLG Ort!* | 27 |
| *Cúrsa Cuimhneacháin Shéamuis de Faoite 2022* | 28 |
| *Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha 2021* | 29 |
| *Freagraí* | 32 |



# Teachtaireacht An Uachtaráin

A chairde,
Cúis mhór áthais dom fáilte a chur romhaibh chuig an eagrán is déanaí seo de 'Cuaille', iris Ghaeilge CLG. Is gné an-tábhachtach í an Ghaeilge den Chumann agus tugann an iris seo deis dúinn í a shníomh isteach go nádúrtha inár gcluichí. Tá nasc láidir idir ár gcluichí agus an Ghaeilge agus tá an t-ádh orainn mar Chumann go bhfuil an Ghaeilge ag an oiread ball agus imreoirí is atá.

San eagrán is déanaí seo de 'Cuaille', gheobhaidh sibh na míreanna rialta 'Ár gCluichí, Ár Laochra', Do Chlub, Do Chontae', crosfhocal, gníomhaíochtaí bunscoile, chomh maith le hailt ar Chorn Tailteann, ar fhógróir staide Pháirc an Chrócaigh, Jerry Grogan, agus alt ó Ambasadóir Gaeilge Chumann Lúthchleas Gael, Paul Conroy. Tá rud éigin ann do gach duine beag beann ar chumas Gaeilge agus ar aois.

Cúis áthais dom a bheith i láthair ag bronnadh Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha níos luaithe sa bhliain i gclubtheach Bhaile Buadáin Naomh Éanna i mBaile Átha Cliath. Scéim iontach í agus bhí mé an-sásta bualadh le clubanna as gach cearn tír agus iad tiomanta do chur chun cinn na Gaeilge sa Chumann. Thaitin sé liom freisin go raibh seans agam freastal ar Chluichí Ceannais Chomórtas Peile na Gaeltachta i mbliana i Leitir Móir, Conamara. Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le gach duine a bhí bainteach le heagrú na féile.

Tá am na cinniúna tagtha ar an bpáirc imeartha agus gan fágtha againn anois ach na cluichí leathcheannais agus na cluichí ceannais. Bliain stairiúil é don Chumann dar ndóigh sa mhéid is go bhfuil Cluichí Ceannais na hÉireann ar siúl i mí Iúil i mbliana ach, freisin, de bharr go mbronnfar Corn Tailteann don chéad uair i mbliana. Cúis mhór athais dúinn an chaoi ar éirigh leis an gcomórtas nua seo go dtí seo.

Bainigí ardtaitneamh as na cluichí atá amach romhainn.

Beirigí bua agus beannacht,

Uachtarán
Chumann Lúthchleas Gael



A chairde,

Thar ceann Choiste Náisiúnta na Gaeilge ba mhaith fáilte a chur romhaibh uilig chuig an eagrán is déanaí seo de 'Cuaille', iris Ghaeilge Chumann Lúthchleas Gael. Tá súil agam go mbainfidh idir shult agus thairbhe as na rudaí éagsúla atá in eagrán na ráithe seo.

Tá go leor tar éis tarlú ó bhí eagrán deireanach Cuaille ann. Sheol muid 'Lámhleabhar Fhear/Bhean an Tí CLG – GAA MC's Handbook' i mí Feabhra. Rinneadh ceiliúradh mór ar Sheachtain na Gaeilge agus ar Lá Idirnáisiúnta na mBan i mí an Mhárta.

Bhí oíche mhór againn i gclubtheach Bhaile Buadáin-Naomh Éanna i mí Feabhra, freisin, áit ar bhronn Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael, Labhrás Mac Cárthaigh, 37 bonn ar chlubanna ó gach cearn den tír mar aitheantas ar a gcuid iarrachtaí an Ghaeilge a chur chun cinn. Gabhann muid buíochas lenár bpáirtnéirí sa scéim seo, Glór na nGael, as ucht a gcuid oibre go léir.

Ó shin i leith seoladh plean nua straitéiseach Chumann Lúthchleas Gael, 'Aontas 2026 – I dTreo CLG Amháin Do Chách' i mí Aibreáin agus is féidir an plean seo a léamh i nGaeilge ar Rannóg Ghaeilge Shuíomh Idirlín an Chumainn nó trí chóip chrua den phlean a ordú díreach ón gCumann.
Ag tús mhí Bealtaine bhí Babhtaí Ceannais Scór ann agus déanaim comhghairdeas le Coiste Naisiúnta Scór agus le gach duine eile a raibh baint acu leis an gcomórtas dátheangach seo a eagrú.

Dar ndóigh, bhí deireadh seachtaine iontach ag Comórtas Peile na Gaeltachta i Leitir Móir, Conamara, ag tús mhí an Mheithimh. Bhí an-áthas ar mhuintir Naomh Anna Léitir Móir fáilte a chur roimh Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael, Labhrás Mac Cárthaigh, chuig an bhféile chomh maith leis na clubanna uilig a tháinig as ceann ceann na tíre.

Is féidir éisteacht le podchraoltaí oifigiúla de chuid Chumann Lúthchleas Gael, i gcomhar leis an Spota Dubh, tar éis gach deireadh seachtaine ina bhfuil na cluichí móra faoi chaibidil ag Cian agus ag Cárthach.

Tá go leor rudaí eile beartaithe againn uaidh seo go ceann cúpla mí ag tosú le Lá Mór na Gaeilge a bheidh á reáchtáil againn ag Cluiche Leathcheannais Peile na hÉireann i mí Iúil agus tá muid ag súil go mór le fáilte mhór a chur roimh na céadta gasúr go Páirc an Chrócaigh ag deireadh mhí Lúnasa le haghaidh na GAAgaeilge Go Games.

Idir an dá linn, bainigí taitneamh as Cuaille.

Beirigí bua,
***Gráinne McElwain,***
***Cathaoirleach Choiste Náisiúnta na Gaeilge, CLG***

*Le Jamie Ó Tuama*



# Ár gCluichí Ár Laochra

## Ryan O'Rourke

Is tosaí an-tábhachtach é Ryan O'Rourke do pheileadóirí Liatroma agus bhí sé lárnach sa dul chun cinn a rinne a chontae le roinnt blianta anuas agus go háirithe nuair a d'éirigh leo Roinn 3 den tSraith Náisiúnta Peile a bhaint amach cúpla le bliain ó shin. D'aimsigh sé go leor scóranna tábhachtacha, idir chúil agus chúilíní, le linn na sraithe sin agus níl aon amhras ach go raibh tionchar mór ag na scóranna sin ar an mbliain iontach a bhí acu.

In ainneoin nach bhfuil Ryan ach 24 bliain d'aois, seo é an seachtú bliain i ndiaidh a chéile dó a bheith ag imirt lena chontae. Bhí sé mar chuid de fhoireann mionúir Liatroma a bhuaigh Sraith Mionúir Chonnacht sa bhliain 2014. Is cinnte go bhfuil laethanta móra maithe amach roimhe an réalta óg seo i ndathanna Liatroma.



''Ba mhaith liom a bheith i mo mhúinteoir bunscoile agus tá an Ghaeilge an-tábhachtach ar scoil anois. Úsáidtear ár dteanga i gCumann lúthchleas Gael agus is iontach an rud é sin mar tá sé tábhachtach an teanga a choinneáil beo inár gcluichí dúchasacha.''

(Ryan O'Rourke, Bealtaine 2020)

**Ainm:**
Rian Ó Ruairc

**Aois:**
22

**Slí bheatha:**
Múinteoir bunscoile

**Club:**
Fiodhnach Naomh Caillin

**Contae:**
Liatroim

**Club nó contae?**
Club

**An scannán is fearr leat?**
Wolf of Wall Street

**An banna ceoil is fearr leat?**
Oasis

**An áit is fearr leat?**
Liatroim

**An bia is fearr leat?**
Stéig

**An clár teilifíse is fearr leat?**
Peaky Blinders

**An chéad chuimhne CLG atá agat:**
Ag imirt peile timpeall mo thí agus sa ghairdín.

**An t-imreoir ab fhearr leat nuair a bhí tú óg:**
Peter Canavan

**An chéad uair ar imir tú le do chontae:**
Faoi 14

**An t-imreoir is fearr a d'imir leat:**
Paddy Maguire

**An t-imreoir is fearr a d'imir i do aghaidh:**
Jamie Clarke

**An cluiche is fearr a d'imir tú riamh:**
Mo chéad chluiche le Liatroim in aghaidh Chill Mhantáin

**Buaicphointe do shaoil imeartha le do chontae:**
Ardú céime an bhliain seo caite le mo chontae



**Buaicphointe do shaoil imeartha le do chlub go dtí seo:**
Nuair a bhuamar an cluiche ceannais sa chraobhchomórtas idirmheánach 2018

**An duine is mó a raibh tionchar aige/aici ar do shaol imeartha go dtí seo:**
M'athair

**Aon chomhairle agat do imreoirí óga?**
Cleachtadh, cleachtadh, cleachtadh agus tú i d'aonar.

**An mbeadh suim agat a bheith i do chóitseálaí/bhainisteoir amach anseo?**
Cinnte, bheadh súil agam.

**Aon chaitheamh aimsire eile?**
Ag féachaint ar Netflix agus aon spórt ar TG4 no Eir Sport

***Gluais*** / Glossary
***tosaí*** – forward ***an-tábhachtach*** – very important ***lárnach*** – central ***níl aon amhras*** – there is no doubt ***cluichí dúchasacha*** – native games ***ardú céime*** – promotion ***chraobhchomórtas idirmheánach*** – intermediate championship ***cleachtadh*** – practice ***i d'aonar*** – alone

# Na contaetha

## *Craobhacha Iomána*



*Cad é an club leis an líon is mó Craobhacha Sinsir Iomána i do chontae?*

### *LAIGHIN*

Áth Cliath – CLG Fág a Bealach (31)
An Mhí – CLG Chill Mheasáin (29)
Cill Dara – CLG Chlaonta (16)
Loch Garman – Cumann Iomána Ráth an Iúir (20)
Uíbh Fhailí – CLG Chúl Doire (31)
Lú – CLG Naomh Moninne (22)
Laois – CLG Chamrois (26)
Cill Chainnigh – CLG Thulach Ruáin (20)
Ceatharlach – CLG Naomh Móiling (27)
An Iarmhí – CLG Chluain Cille (17)
An Longfort – Cumann Wolfe Tone (Meathas Troim) (20)
Cill Mhantáin – CLG Ghleann Fhaidhle (16)

### *ULAIDH*

An Cabhán – CLG Mhullach Odhráin (27)
Tír Eoghain – CLG Éire Óg An Charraig Mhór (22)
Muineachán – CLG Bhaile na Lorgain (32)
Ard Mhacha – Cumann Chú Chulainn, Ard Mhacha (27)
An Dún – CLG Bhaile Crann (27)
Dún na nGall – CLG na Birte (39)
Aontroim – Cumann Sheamróga Loch Gaol (20)
Doire – CLG Bhaile Eachaidh (21)
Fear Manach – Lios Béal Átha (31)

### *CONNACHTA*

Gaillimh – CLG an Chaisleáin Ghearr (17)
Maigh Eo – CLG an Tuairín (31)
Ros Comáin – CLG Thigh Srathra (34)
Sligeach – CLG na Craoibhe Rua (27)
Liatroim – Cumann Iomána Chora Droma Rúisc (32)

### *AN MHUMHAIN*

Ciarraí – CLG Chill Mhaoile (26)
Corcaigh – CLG na Carraige na Duibhe (33)
Tiobraid Árann – CLG Na Sáirséalaigh-Dúrlas Éile (36)
An Clár – CLG Chora Chaitlín (23)
Luimneach – CLG Thobar Phádraig (20)
Port Láirge – CLG Chnoc Síon (35)

### *EILE*

Londain –
CLG Bhriain Bhoróimhe (26)



*Le Jamie Ó Tuama*

# Ar Bhóthar na Smaointe le Jerry Grogan



*'Beidh Amhrán na bhFiann á chasadh inniu ag Banna Ceoil Ard Aidhin…cuirigí fáilte anois roimh…ionadaí d'fhoireann…fógra slándála…'*

Níl mórán daoine a leanann na cluichí Gealacha nach n-aithnódh glór Jerry Grogan. B'fhéidir nach n-aitheodh siad Jerry féin, ach, is cinnte go n-aithnódh siad a ghlór. Ar lá cluiche mhóir ar bith i bPáirc an Chrócaigh is é Jerry a bhíonn le cloisteáil i mbun fógraí mar fhógróir staide nó mar 'Fhear an Tí'.

Ag seoladh 'Lámhleabhar Fhear/Bhean an Tí – GAA MC's Handbook' ag tús na bliana, labhair mé le Jerry. Thosaigh mé le hiarraidh air labhairt linn faoin gcaoi ar tharla sé gurb é féin, thar aon duine eile, a bhíonn le cloisteáil i mbun na bhfógraí i bPáirc an Chrócaigh ar laethanta cluichí móra.

'Bheul, tá mé gafa anois ó 1978 i bPáirc an Chrócaigh', a deir sé. 'Thosaigh mé leis na cluichí beaga ag leatham. Bhí siad ag tosnú ag an am sin. Ina dhiaidh sin, iarradh orm dul go dtí bosca an phreasa thuas staighre agus bhí mé ansin ar feadh cúig bliana déag, is dócha.

'Ansin, nuair a bhí Seán Ó Ceallaigh mar Uachtarán bhí mé mar Chathaoirleach ar an gCoiste Cumarsáide a bhí aige agus rinneamar athruithe móra i bPáirc an Chrócaigh, cur i láthair na gcluichí agus bhí mise mar shaghas 'maor cur i láthair' ansin nó mar 'presentation steward' ag an am.

'Ag an am sin, freisin, bhíodar ag lorg duine éigin chun na fógraí a dhéanamh ón taobhlíne agus thosaigh mé ansin, ag an am sin, agus tá mé ann ó shin.'

Dar ndóigh, Ciarraíoch go smior é Jerry agus ní nach ionadh go raibh cuid de ghaiscí Chiarraí i measc na mórchuimhní a bhí aige nuair a d'iarr mé air mé a thabhairt ar bhóthar na smaointe leis ar na blianta atá caite aige i bPáirc an Chrócaigh.

'Tá an-chuid cuimhní agam. Ciarraí ag buachan cluichí fadó fadó sa tseanstair, tá súil agam go mbeidh siad ar ais!

'Ciarraí, is dócha 1975-78. Áth Cliath i 2011. Cé gur bhuaigh siad ar Chiarraí agus go raibh díomá orm, nuair a chonaic mé an tionchar a bhí ag an mbua sin ar pháistí na cathrach...tá baint agam le Cumann na mBunscoil mar is eol duit, rinne sé éacht leis an mborradh a cuireadh faoi na cluichí mar ní raibh aon chur amach ag páistí Átha Cliath ar bhuachan agus Corn Sam Maguire a bheith ag dul timpeall na scoileanna.'

Tá go leor cuimhní cinn aige, freisin, ar laethanta móra i bPáirc an Chrócaigh taobh amuigh de na cluichí agus luaigh sé na Cluichí Speisialta Oilimpeacha agus ócáid chomórtha Dhomhnach na Fola i measc na gcuimhní móra eile atá aige.

'Is cuimhin liom go mór an Clár agus Uíbh Fhailí ag buachan i bPáirc an Chrócaigh', a deir sé. 'Nuair a rinneamar na Cluichí Speisialta Oilimpeacha, bhí sé sin fíorspéisiúil agus fíorthábhachtach.




'Nuair a bhí an buama uafásach sin ar an Ómaigh bhí comóradh againn i bPáirc an Chrócaigh agus bhí mise bainteach leis sin. Bhí na páistí gléasta i ndathanna na gcontaetha go léir agus rinne gach duine acu ionadaíocht ar ainmneacha na ndaoine a maraíodh ar an ócáid sin. Fanann ócáidí mar sin leat.

'Ócaid Chomórtha Dhomhnach na Fola cúpla bliain ó shin, fanann a leithéid sin leat, freisin. Tá go leor cuimhní maithe agam. Bainim taitneamh as gach cluiche i bPáirc an Chrócaigh agus tá rudaí agus cuimhní an-speisialta ar fad agam.'

Dar ndóigh, tá cur chun cinn na Gaeilge i measc aidhmeanna Chumann Lúthchleas Gael agus labhair Jerry faoin tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge dó féin go pearsanta agus don Chumann.

'Measaim go bhfuil an teanga ana-thábhachtach', a deir sé go paiseanta. 'Is cuid de chultúr Chumann Lúthchleas Gael í ar dtús agus gan amhras an ceol agus teanga. Tá siad fite fuaite le chéile agus tá sé an-éasca domsa, nuair a bhíonn na fógraí a ndéanamh agam, an Ghaeilge a chur isteach agus i gcónaí tosnaím leis an nGaeilge. Curim fáilte roimh dhaoine...agus gach fógra, 'Ionadaí do Bhaile Átha Cliath', déanaim an Ghaeilge ar dtús.

'Tá a lán daoine i láthair ag cluichí agus ar bheagán Ghaeilge. Ní mian le cuid acu í a labhairt ach tuigeann siad í agus is maith leo an Ghaeilge a chloisteáil i bPáirc an Chrócaigh agus deirtear é sin liom, go bhfuil baint ag an nGaeilge leis na hócáidí sin. Ní hamháin i bPáirc an Chrócaigh ach ag páirceanna eile ar fud na tíre. Measaim go bhfuil sé ana-thábhachtach an Ghaeilge a chloisteáil mar is cuid den chultúr í.'

Ár mbuíochas a bheith linn don chluiche trathnóna. Slán abhaile.

Beidh cóipeanna de 'Leabhrán Fhear/Bhean an Tí – GAA MC's Handbook', á scaipeadh ar na páirceanna baile agus tá cóipeanna ar líne ar fáil ANSEO

# GAA Ag Dul i nGleic le Bulaíocht

Tá sé mar aidhm ag CLG timpeallacht thacúil a chruthú nach nglacfar le haon chineál bulaíochta inti.

Glacaimid le cur chuige eagraíochtúil le dul i ngleic le bulaíocht agus táimid tiomanta do struchtúir agus oiliúint ábhartha a chur i bhfeidhm le déileáil le líomhaintí bulaíochta. Breathnaítear ar eachtraí bulaíochta mar sháruithe tromchúiseacha ar ár gCód Dea-Chleachtais i Spórt don Óige, Ár gCluichí – Ár gCód/ Our Games – Our Code.

Táimid tiomanta d'éiteas measa a bhaint amach chun cumas ár mball ar fad a uasmhéadú agus iad ag imirt nó páirteach inár gCluichí Gaelacha.

## CÉARD IS BULAÍOCHT ANN?

Tá ana-chuid samplaí bulaíochta ann:

- **Ó BHÉAL:** iarmhairtí a bhagairt, ráflaí a scaipeadh, ainmneacha a ghlaoch, magadh, ráitis ghnéis/chiníocha/seicteacha a dhéanamh, magadh faoi chuma fhisiciúil nó cumas spóirt.
- **FISICIÚIL:** ciceáil, dorn a chaitheamh, bualadh, seile a chaitheamh, greim a bhaint, cor coise a chur i nduine, goid nó milleadh maoine agus trealaimh.
- **MOTHÚCHÁNACH:** neamhaird a thabhairt, duine a fhágáil amach, trioblóid a tharraingt ar dhuine, cúlchaint, nótaí/litreacha/graifítí gránna a scríobh, litreacha/teachtaireachtaí téacs/ríomhphoist nó tuairimí gránna a scríobh.
- **CIBEARBHULAÍOCHT:** nuair a úsáidtear teachtaireachtaí meandracha, ríomhphoist, teachtaireachtaí téacs, leathanaigh ghréasáin nó láithreáin líonraithe shóisialta chun ráflaí a scaipeadh, bagairtí nó ciapadh a dhéanamh. D'fhéadfaí teachtaireachtaí scríofa, grianghraif, físeáin nó teachtaireachtaí béil a áireamh ann.

## BULAÍOCHT A CHOSC

Tá sé de fhreagracht ar gach duine sa Chlub eachtraí Bulaíochta a chosc nó más gá, déileáil leo.

**Ba cheart d'imreoirí, cóitseálaithe agus Clubanna CLG:**

- ✓ Cód Iompair a chur i bhfeidhm agus iad ag obair le himreoirí faoi aois
- ✓ Timpeallacht thacúil a chruthú nach nglacfar le Bulaíocht inti
- ✓ Tacú le héiteas an Chlub go bhfuil sé 'ceart go leor insint'
- ✓ Gach duine a chur ar an eolas maidir lenár mBeartas Frithbhulaíochta
- ✓ An tionscnamh Tabhair Meas – Tuill Meas a chur chun cinn

**TABHAIR MEAS TUILL MEAS**
*Ár gcluichí. Ár rogha.*

Tá sé de fhreagracht ar an Oifigeach Leanaí i ngach Club 'éiteas Frithbhulaíochta' a chur chun cinn agus a chinntiú go gcloíonn an Club leis an gCód Dea-Chleachtais i Spórt don Óige – Ár gCluichí – Ár gCód.

**TIG LE BULAÍOCHT TARLÚ**

Ó Dhuine Óg go Duine Óg
Dhuine Óg go Duine Fásta
Dhuine Fásta go Duine Óg

## DÉILEÁIL LE BULAÍOCHT

**Cén chaoi a mbíonn a fhios agat gur Bulaíocht atá i gceist? Cuir na ceisteanna seo a leanas ort féin:**

**DÍRITHE** An bhfuil an t-iompar dírithe ar ghrúpa nó ar dhuine aonair?

**FAD** HAn bhfuil an t-iompar seo ar siúl le tréimhse ama?

**MINICÍOCHT** Cé chomh minic is a bhfuil an t-iompar agus an bhfuil pátrún ann?

**CUSPÓIR** An é cuspóir an iompair pian/dochar/anacair a chur ar dhuine nó ar ghrúpa?

**Ba cheart go mbeadh gach ball de Chlub CLG nó gach duine a fhreastalaíonn ar ár gcluichí nó gníomhaíochtaí ar an eolas nach nglactar le Bulaíocht sa CLG**



*Le Jamie Ó Tuama*



# Ár gCluichí Ár Laochra

## *Fergal Whitley*

**Tá Fergal Whitley ag imirt mar thosach le hÁth Cliath le roinnt blianta anuas agus is féidir brath air i gcónaí le scóranna tábhachtacha a aimsiú do na Dubs.**

**Ní hamháin go bhfuil Fergal ina mháistir ar an gcamán ach píobaire den scoth é, freisin!**




**"Bíonn ról lárnach ag an nGaeilge i mo shaol. D'fhás an grá don teanga sna sé bliana a chaith mé sa mheánscoil i gColáiste Eoin. Nuair a éiríonn liom mo chéim sa choláiste a bhaint amach, ba bhreá liom post a fháil i nGaelscoil mar mhúinteoir bunscoile."**

**Fergal Whitely, Márta, 2020**

**Ainm:**
Fergal Whitely

**Aois:**
22

**Slí bheatha:**
Mac Léinn

**Club:**
Cill Mochuda na Crócaigh

**Contae:**
Áth Cliath

**Club nó contae?**
Club

**An scannán is fearr leat?**
The Fox and the Hound

**An banna ceoil is fearr leat?**
The Bonny Men

**An áit is fearr leat?**
Courleigh, Co. Cill Chainnaigh

**An bia is fearr leat?**
Píotsa

**An clár teilifíse is fearr leat?**
Premier League Years

**An chéad chuimhne CLG atá agat:**
Ag imirt le mo dhaid sa ghairdín

**An t-imreoir ab fhearr leat nuair a bhí tú óg:**
David 'Dotsy' O'Callaghan

**An chéad uair ar imir tú le do chontae:**
Gaillimh 2017

**An t-imreoir is fearr a d'imir leat:**
David 'Dotsy' O'Callaghan

**An t-imreoir is fearr a d'imir i do aghaidh:**
Tony Kelly

**An cluiche is fearr a d'imir tú riamh:**
Craobh f21 don chlub



**Buaicphointe do shaoil imeartha le do chontae:**
Bua i gcoinne na Gaillimhe i 2019

**Buaicphointe do shaoil imeartha le do chlub go dtí seo:** Craobh faoi 21 a bhuachaint

**An duine is mó a raibh tionchar aige/aici ar do shaol imeartha go dtí seo:**
Gan aon dabht - Ross Ó Cearbhaill

**Aon chomhairle agat do imreoirí óga?**
Creid ionat féin

**An mbeadh suim agat a bheith i do chóitseálaí/bhainisteoir amach anseo?**
Bheadh suim agam!

**Aon chaitheamh aimsire eile?**
Ag seinm na bpíob uilleann, buille agus amas

***Gluais*** / Glossary
***Tosach*** – forward ***scóranna tábhachtacha*** – important ***scores píobaire*** – piper ***den scoth*** – of the bestcéim – degree***i gcoinne*** – against ***creid ionat féin*** – believe in yourself
***bíb uilleann*** – uilleann pipes ***buille agus amas*** – pitch and putt



*D'éirigh liom Fáinne Airgid a fháil agus mé ar scoil. Tá sé de rún agam snas a chur ar mo chuid Gaeilge...*

CHARLIE VERNON, ARD MHACHA

Le Jamie Ó Tuama

# Paul Conroy - Ambasadóir Gaeilge CLG 2022

Fógraíodh i mí Márta seo caite gurbh é Paul Conroy, laoch mór na Gaillimhe, a bheadh mar Ambasadóir Gaeilge CLG do 2022. Tá Paul ag imirt le foireann shinsir na Gaillimhe ó 2008 i leith agus is iomaí gaisce atá déanta aige ar an bpáirc imeartha dá chontae dúchais.

Fear mór Gaeilge, freisin, é agus thóg mé an deis suí síos leis agus labhairt leis faoin tábhacht a bhaineann leis an bpeil agus leis an nGaeilge ina shaol. Thosaigh mé le hiarraidh air faoina ról nua mar Ambasadóir Gaeilge CLG agus faoin tábhacht a bhain leis an ról dó.

'Bheul, is dócha ar dtús, is mór an onóir dom an ról seo a fháil agus tá mé ag tnúth go mór leis an mbliain', a deir Paul. 'Rugadh agus tógadh mé le Gaeilge i gcathair na Gaillimhe sa Rinn Mhór agus is as Conamara do mo thuismitheoirí. Tá páirt lárnach ag an nGaeilge i mo shaol. Labhraím í chuile lá agus is múinteoir meánscoile mé, freisin, agus bím ag múineadh Gaeilge agus gnó.'

Tá ról an-tábhachtach ag an nGaeilge i gCumann Lúthchleas Gael agus d'iarr mé ar Paul céard a cheap sé faoin nasc atá idir an Ghaeilge agus na cluichí. D'iarr mé air labhairt liom faoina thaithí féin leis an nGaeilge sa Chumann mar imreoir clúiteach agus faoi na rudaí móra a sheasann amach dó.

'Déanann CLG go leor don Ghaeilge', a deir Paul. 'Má bhreathnaíonn tú ar Chomórtas Peile na Gaelachta a bhíonn ar siúl chuile bhliain agus ar na Go Games Gaeilge a bhíonn ar siúl i bPáirc an Chrócaigh, freisin, agus rudaí eile mar sin. Déanann an Cumann go leor rudaí mar sin agus, freisin, má bhreathnaíonn tú ar na meáin shóisialta. Feiceann tú go leor Gaeilge ar líne a bhaineann leis na cluichí agus tá sé iontach sin a fheiceáil.'

Is laoch é Paul do go leor gasúr agus daoine fásta, dar ndóigh, i nGaillimh agus ar fud an tíre. Tuigeann sé go maith an tábhacht a bhaineann leis an gcéad ghlún eile a ghríosadh agus a spreagadh ó thaobh na gcluichí agus na Gaeilge de. Tá roinnt moltaí aige do dhaoine óga.

'Is dócha ó thaobh na gcluichí de ar dtús, bí ag traenáil agus ag cleachtadh, agus déan iarracht feabhas a chur ar do chuid taistpeántas féin. Bí ag cur ceisteanna ar na bainisteoirí agus ar na cóitseálaithe a bhíonn i gceannas. Bí ag iarraidh feabhsú i gcónaí agus an rud céanna leis an nGaeilge.

Bí dearfach agus ná bíodh aon imní ort botúin a dhéanamh sa Ghaeilge. Tá sé ceart go leor muna bhfuil a fhios agat abairt céad fán gcéad i gceart. Déan iarracht, agus déan iarracht a bheith ag foghlaim agus ag feabhsú i gcónaí.

B'in comhairle mhaith do ghasúir ach cé a ghríosaigh agus a spreag Paul féin nuair a bhí sé óg?

'Is dócha mo thuismitheoirí agus go háirithe leis an nGaeilge', a deir Paul go bródúil. 'Is dócha leis an bpeil, m'athair den chuid is mó. Chuir sé go leor ama isteach i dtraenáil agus a bheith ag cleachtadh. Bhain mé an-taitneamh as sin. Déanaim féin iarracht an rud céanna a dhéanamh le daoine óga, freisin.'

Bhuaigh Gaillimh Craobh na hÉireann sna blianta 1998 agus 2001 agus bhí go leor imreoirí den chéad scoth ar na foirne sin. D'iarr mé ar Paul cérbh iad na himreoirí is mó a sheas amach dó féin agus é ag fás aníos.




‘Is dócha, bhí na leaids a d’imir i 1998 agus i 2001 go hiontach. Imreoir amháin a bhí ar fheabhas ansin ná an bainisteoir atá agam faoi láthair, Pádraig Joyce. Bhí sé go hiontach. Bhí Michael Donnellan, freisin. Michael Meehan, bhí sé beagáinín níos óige ach bhí seisean an-mhaith. D’imir mé leis agus fiú amháin Finian Hanley le cúpla bliain anuas. Is imreoirí an-mhaithe iad sin agus bhain mé an-taitneamh as bheith ag féachaint ar na leaids sin go léir.’

Tá go leor ar phainéal na Gaillimhe a bhfuil Gaeilge acu agus labhraíonn Paul le bród faoin nasc atá ag an bhfoireann leis an nGaeilge.

‘Tá Gaeilge ag go leor de na leaids ar an bhfoireann’, a deir sé. ‘Taispeánann sé sin cé chomh láidir is atá an Ghaeilge agus an pheil sa Ghaeltacht. Tá go leor de na leaids sin ag imirt le foirne sinsearcha agus tá siad an-mhaith.

‘Is rud iontach é sin a fheiceáil sa phainéal faoi láthair agus tá súil agam go leanfar ar aghaidh leis sin.’

Is minic a labhair iarimreoir lár páirce na Gaillimhe, Seán Ó Domhnaill, faoin mbuntáiste a bhain leis an nGaeilge agus é ag imirt. ‘Íseal’, ‘ard’, ‘fada’ na treoracha a bhíodh á dtabhairt aige do na himreoirí a bhíodh thimpeall air, a raibh an Ghaeilge ar a dtoil acu – cé nach mbíodh na buntáistí sin chomh maith céanna in aghaidh leithéidí Chiarraí ag an am!

‘Is dócha, nuair a smaoiníonn tú air b’fhéidir go bhfuil’, a deir sé. ‘Tá a fhios agam go leor de na himreoirí atá againn labhraíonn siad Gaeilge agus tá Gaeilge an-mhaith acu. Chuaigh go leor acu go dtí scoileanna lán-Ghaeilge agus is as clubanna Gaeltachta ar nós an Spidéil go leor eile acu. Tá Finian Ó Laoi ansin agus tá imreoirí eile ann, freisin.

‘Is as Oileáin Árann do Sheán Ó Maoilchiaráin. B’fhéidir go bhfuil buntáiste againn ach mar a dúirt tú ansin tuigeann go leor de na foirne eile an Ghaeilge freisin. B’fhéidir go gcaithfeadh muid a bheith cúramach maidir leis na foirne a roghnaíonn muid!’

Tá bliain mhór amach roimh Paul i mbliana mar Ambasadóir na Gaeilge ag Cumann Lúthchleas Gael agus tá sé ag súil go mór le gabháil i ngleic leis an ról. ‘Is dócha go bhfuil mé ag tnúth le bheith bainteach leis na hócáidí difriúla a bheidh ar siúl, na hócáidí ar nós Chomórtas Peile na Gaelachta, an tOireachtas agus na Go Games, freisin’, a deir sé. ‘Tá mé ag súil go mór le bualadh le daoine agus an Ghaeilge a chur chun cinn.’

#GAAgaeilge

# Do Chlub, Do Chontae!



**Measc suas na litreacha sna focail seo leanas leis an gcontae a aimsiú!**

*1. ehlhCtrcaaa*
*2. úaa Dn Glnnl*
*3. ooi RCásmn*
*4. ocgCriha*
*5. úL*
*6. iaáuehMncn*
*7. iE ahMgo*
*8. aairCrí*
*9. Ao ftnnoLgr*
*10. oLrP tierág*



Ár gCluichí, Ár nGaeilge!
Cá mhéad focal atá tú in ann a dhéanamh as ***'Cluiche Ceannais na hÉireann'*** ?

Mar shampla '***cluiche***', '***canna***', '***Éire***' srl...

1. ________________________________
2. ________________________________
3. ________________________________
4. ________________________________
5. ________________________________
6. ________________________________
7. ________________________________
8. ________________________________
9. ________________________________
10. ________________________________

**Tráth na gCeist – Babhta 4 – Na Dathanna**

**Cén dathanna atá ag na contaetha thíos?**

*Gorm = Blue / Dearg = Red /*
*Oráiste nó Flannbhuí = Orange / Donn = Brown*
*Buí = Yellow / Dubh = Black / Bán = White /*
*Dúghorm = Navy / Marún = Maroon /*
*Ómra = Amber / Glas nó Uaine = Green /*
*Bándearg nó Pinc = Pink*

1. An Mhí ______ agus ______
2. Corcaigh ______ agus ______
3. Gaillimh ______ agus ______
4. Ard Mhacha ______ agus ______
5. Áth Cliath ______ agus ______
6. Luimneach ______ agus ______
7. Maigh Eo ______ agus ______
8. Tír Eoghain ______ agus ______




Cumann Lúthchleas Gael
SCÓR
GAA

# Ceiliúradh ar Amhránaíocht, Dhamhsa, Cheol agus ar Dhrámaíocht

Rince Foirne | Amhránaíocht Aonair | Aithriseoireacht/Scéalaíocht | Bailéad-Ghrúpa Nuachleas | Ceol Uirlise | Rince Seit | Tráth na gCeist

**Tuilleadh eolais:**
**www.gaa.ie/the-gaa/cultur-agus-gaeilge/scor**

GAA
**TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN**

# Scoth na siamsaíochta ag Babhtaí Ceannais Scór na nÓg 2022

Ba ag clubanna chúige Mumhan, Laighean agus Uladh a bhí an lá ag Babhtaí Ceannais Scór na nÓg 2022, ar 1 Bealtaine 2022 san INEC i gCill Airne. Thóg clubanna de chuid na Mumhan leo ceithre chraobh, bhí trí cinn ag clubanna Uladh agus bhí an t-aon cheann amháin ag cúige Laighean.

Bhuaigh CLG An Caisleán Nua, Tiobraid Árann, an comórtas 'Rince Foirne' agus bhuaigh CLG An Spá, Ciarraí, an comórtas 'Rince Seit'.

Ba ag Sara Ní Chonaill ó Chlann na nGael agus ó Ghaeltacht Ráth Chairn i gContae na Mí a bhí an lá sa chomórtas 'Amhránaíocht Aonair' agus d'éirigh le Dylan Mac Gothraigh an corn a thabhairt leis do Chuar an Chláir, An Clár, sa chomórtas Aithriseoireachta.

Ba iad CLG Ghleann an Iolair ó Chontae Dhoire a bhuaidh an comórtas Bailéad-Ghrúpa agus ba iad CLG Naomh Éanna as Tír Eoghain a thug leo an corn sa chomórtas 'Ceol Uirlise'.

Bhuaigh CLG Naomh Séamus as Corcaigh an Comórtas 'Nuachleas' agus bhuaigh CLG Naomh Columba as Gaeltacht Thír Chonaill comórtas Thráth na gCeisteanna.

Is féidir leat breathnú siar ar Bhabhtaí Ceannais Scór na nÓg 2022 ina n-iomláine ANSEO!

*CLG An Caisleán Nua, Tiobnraid Árann, buaiteoirí an chomórtais 'Rince Foirne' ag Babhtaí Ceannais Scór na nÓg 2022*



### TORTHAÍ UILE SCÓR NA nÓG 2022

**Rince Foirne:** An Caisleán Nua, Tiobraid Árann
**Amhránaíocht Aonair:** Sára Ní Chonaill, Clann na nGael, An Mhí
**Aithriseoireacht/Scéalaíocht:** Dylan Mac Gothraigh, Cuar an Chláir, An Clár
**Nuachleas:** Naomh Séamus, Corcaigh
**Bailéad-Ghrúpa:** Gleann an Iolair, Doire
**Ceol Uislise:** CLG Naomh Éanna, An Ómaigh, Tír Eoghain
**Rince Seit:** An Spá, Ciarraí
**Tráth na gCeisteanna:** Naomh Columba, Dún na nGall

*Le Jamie Ó Tuama*

# Do Chlub, Do Chontae
# Baile Buadáin Naomh Éanna

***Bunaithe:*** *1969*
***Dathanna:*** *Gorm agus Bán*
***Páirc Baile:*** *Páirc Uí Mhurchú*
***Líon Ball:*** *3,300*
***Na rudaí is mó atá bainte amach ag an gCumann:***
***Peil:*** *Craobh na hÉireann (2016), Craobh Laighean (2015-16, 2019-20) Craobh Átha Cliath (1995, 2009, 2015, 2019)*
***Iomáint:*** *Craobh Átha Cliath (2007, 2008, 2009, 2010, 2011, 2013, 2018)*
***Peil na mBan:*** *Craobh na hÉireann (2004, 2005), Craobh Laighean (2001, 2002, 2004, 2005, 2006, 2007) Craobh Átha Cliath (2000, 2001, 2002, 2003, 2004, 2005, 2006, 2007, 2008, 2010)*
***Camógaíocht:*** *Craobh Laighean (2018), Craobh Átha Cliath (1999, 2000, 2001, 2006, 2008, 2010, 2011, 2012, 2013, 2014)*
***Do chlub, Do chontae, Do Ghaeilge!***


*Baile Buadáin Naomh Éanna - Curaidh na hÉireann 2016*

Suite in iardheisceart Chontae Bhaile Átha Cliath, tá Baile Buadáin Naomh Éanna ar cheann de na clubanna is mó ball sa tír agus é ag freastal ar go maith os cionn 3,000 ball idir óg agus aosta agus idir fhir agus mhná.

Labhair mé le staraí de chuid an chlub, Gearóid Ó Súilleabháin, le gairid. Thosaigh muid le hiarraidh air cur síos a dhéanamh ar na móréachtaí a bhí bainte amach ag an gclub thar na blianta ar an bpáirc imeartha agus ar na laochra móra a d'imir leis an gclub.

'Ta go leor craobhacha contae, craobhacha Laighean agus craobhacha uile-Éireann buaite ag Baile Buadáin le tamall anuas', a deir Gearóid le bród. 'I 2016 bhuamar an Chraobh uile-Éireann sa pheil shinsir agus, ina theannta sin, tá dhá chraobh Laighean againn a bhuamar i 2015 agus i 2019.

'Ó thaobh na hiomána de tá seacht gcraobh Átha Cliath buaite againn agus is é an príomhghaisce, is dócha, ó thaobh na hiomána de ná idir 2007 agus 2011 nuair a bhuamar Craobh Átha Cliath cúig huaire as a chéile.

'Ó thaobh pheil na mban de, tá dhá chraobh uile-Éireann buaite againn – 2004 agus 2005. I measc na mbuanna is mó ó thaobh pheil na mban, bhí toradh iontach maith acu nuair a bhuaigh siad Craobh Átha Cliath naoi n-uaire as a chéile.

'Ó thaobh na camógaíochta de tá Craobh Laighean buaite againn i 2018 agus deich gcraobh Átha Cliath.'

Is iomaí peileadóir, iománaí agus imreoir camógaíochta de chuid an chlub a d'imir le hÁth Cliath, go háirithe le

trocha bliain, nó mar sin, anuas. Labhair Gearóid liom faoi chuid de na mórlaochra a bhí ag an gclub ar an bpáirc imeartha thar na blianta.

'Ó thaobh na n-imreoirí cáilúla atá againn tá Gary Maguire, bhí sé mar chúl báire ar fhoireann Átha Cliath ar feadh tamaill fhada agus bhuaigh sé Gradam All-Star, a mhíníonn Gearóid.

'Chomh maith leis sin bhí Michael Darragh Macauley, tá ocht mbonn uile-Éireann aige, Gradam All-Star agus roghnaíodh é mar Imreoir na Bliana sa bhliain 2013. Sárlaoch is ea Michael.

'Sa bhliain 1974 nuair a thosaigh Heffo's Army ar dtús bhí Seán Doherty ina chaptaen agus i ndiaidh Sheáin bhí boinn uile-Éireann ag Brian Stynes agus ag Robbie McDaid, Ken Murray.

'Bhí Conal Keaney ar fhoirne iomána agus peile Átha Cliath agus tá go leor leor duaiseanna iontacha buaite ag Conal agus tá sé fós ag imirt. Bhí David Curtin mar chaptean ar fhoireann shinsir iomána Átha Cliath mar a bhí David Sweeney agus tá gradaim All-Star ag Irene Kirwan agus ag Ciara Lucey sa chamógaíocht.

'Tá Craobh uile-Éireann shóisir ag Ciara, ag a deirfiúr Emer agus ag Anne Griffin chomh maith le Síle Ní Choitir agus Fiona Ní Shúilleabháin. Tá All-Star i bPeil na mBan ag Rachel Ruddy agus ag Gemma Fay chomh maith.

Ní ar imeachtaí na páirce imeartha amháin a bhíonn Baile Buadáin-Naomh Éanna dírithe agus d'inis Gearóid dom faoi na rudaí éagsúla eile a bhíonn ar bun ag an gclub.

'Bíonn Lá na Gaeilge againn, bímid ag cabhrú leis an bpobal in am an ghátair agus a leithéid, tá sé sin fíor agus nuair a bunaíodh an club bhí tionchar an Phiarsaigh ag dul tríd. Bhí Pádraig Mac Piarais agus a dhearthái r Willie ag obair mar mhúinteoirí i Scoil Éanna agus tá an tionchar sin go fóill sa cheantar.

'Tá muid ag déanamh ár ndíchill chun an Ghaeilge a fhorbairt agus ta daoine cosúil le Séamie Ó Néill go mor mór agus is rud an-sásúil dúinn go bhfuil tionchar nua ag teacht ón aos óg mar tá dhá bhunscoil lán-Ghaeilge sa cheantar agus scoil dara leibhéil lán-Ghaeilge chomh maith, Coláiste an Phiarsaigh.

'Tugann sé sin aitheantas don chlub. Tá muid ag déanamh go leor rudaí ó thaobh an cheoil agus an damhsa agus tá sé sin ag feabhsú agus mar chuid den chlub le caoga bliain anuas nó mar sin.

'Chomh maith leis sin, le linn na paindéime bhí daoine ón gclub ag cabhrú le daoine a raibh orthu fanacht sa mbaile agus ag cabhrú le daoine thar lear, a raibh saol an-bhocht acu go mor mór san Aifric agus in áiteanna eile. Tá prionsabail mhaithe ag an gclub agus bunluachanna. Bíonn muid ag comhoibriú agus bíonn muid flaithiúlach agus mar sin de.'

Le críochnú suas d'iarr mé ar Ghearóid, cá bhfeicfeadh sé mórcheantar Bhaile Buadáin gan an club agus d'iarr mé air cén tábhacht a bhain leis an gclub don cheantar.

'Tá an club lárnach sa cheantar ina bhfuilimidne inár gcónaí agus tá sé sin soiléir ón gcéad lá nuair a cheannaigh Ráth Fearnáin Naomh Éanna píosa talaimh ar Bhóthar Thigh na Giúise i 1966', a deir Gearóid. 'Chuir siad club beag ar bun an t-am sin, mí Eanáir na bliana sin agus bhí saghas pósadh idir Ráth Fearnáin Naomh Éanna agus Fánaithe Bhaile Buadáin. Bhí foireann an-bheag ar fad sóisir agus foireann mionúir acu.

Thosaigh an comhoibriú sin i 1969 agus tá sé ag fás ó shin i leith. Tá an-aitheantas ag an gclub sa cheantar. Tá sé ag obair le gach gné den saol – na scoileanna, na paróistí, chuile rud sa cheantar agus tá go leor imeachtaí éagsúla, ní hamháin cluichí a bhíonn ar siúl sa chlub, ach gach rud eile a bhaineann leis an gcultúr agus le gnéithe éagsúla den tír seo agus táimid an-sásta agus an-bhródúil as sin.




*Captaen buacach Bhaile Buadáin Naomh Éanna i 2004, Karen Hopkins ag ardú an choirn in éineacht le hAisling Farrelly*

# San alt seo a scríobh Conall Ó Máirtín le linn Sheachtain na Gaeilge breathnaíonn sé siar ar oidhreacht Chormaic Mhic an Ailín



Cormac i mbun a cheirde le Tír Eoghain

Is cuimhin liom go maith an áit a raibh mé an lá seo, agus mé ag scríobh, ocht mbliana déag ó shin. Ag na croisbhealaí idir an Eaglais agus an Bhréantair a bhí mé in éineacht le cara eile, James Muldoon. Maidin bhreá earraigh a bhí ann, fuar ach glan agus an solas íseal ag tabhairt rud beag teasa dúinn. Bhí muid ansin le trácht a threorú, labhairt le daoine agus muid ag fanacht ar chorp ár gcara Cormac teacht 'na bhaile ón otharlann. I ndáiríre, sin an t-aon áit ar mhothaigh muid go raibh muid ag déanamh rud fiúntach agus é ag déanamh aistear deireannach s'aige 'na bhaile.

Ocht mbliana déag ar aghaidh agus tá cuimhní an lae sin agus na laetha thart air go fóill soiléir i m'intinn. Ritheann sé liom anois áfach, le himeacht aimsire tá glúin eile i ndiaidh fás aníos agus gan iad ar an eolas faoi dhuine a mhair inár measc.

Ach anois agus Seachtain na Gaeilge buailte linn arís, tá sé tráthúil go mbeidh deis ag daoine óga foghlaim faoin mháistir scoile, peileadóir agus captaen foirne a d'imir le bród leis an Eaglais, Tír Eoghain, Ollscoil na Banríona, Ollscoil na hÉireann Báile Átha Cliath agus le hÉirinn.



Cormac McAnallen - Laoch mór an Bhréantair, na hEaglaise, Thír Eoghain agus na nGael

Nuair a fuair Cormac bás bhí sé mar chaptaen ar fhoireann Thír Eoghain, foireann a bhí i ndiaidh Craobh na hÉireann a bhaint in 2003. Ní raibh amhras ar bith orainn go mbeadh deis ag Cormac coiscéimeanna Peter Canavan a leanúint agus Corn Sam Mhig Uidhir a thógáil ach ní raibh an saol le titim amach ar an dóigh sin.

Is sampla iontach é Cormac de na rudaí a thig a bhaint amach má tá tú sásta an dianobair a chur isteach. Agus muid ag fás aníos thuig Cormac go rímhaith go raibh obair le déanamh aige agus thug sé faoin obair sin le dúthracht agus fuinneamh. Bhí Cormac i gcónaí sásta bheith ag obair ar na scileanna bunúsacha. Is maith is cuimhim liom laetha agus é ag cleachtadh i ndiaidh na traenála le Enda McNulty agus Tom Brewster agus muid in Ollscoil na Banríona. Bá ghnách leis an triúr acu fanacht, agus na busanna ag imeacht síos Bothár Mhaigh Luain i mBéal Féirste chun máistreacht a fháil ar an chruinneas pásála. Ní amháin ag na bunscileanna ach sula raibh sé faiseanta ná coitianta bhí Cormac sásta an obair a chur isteach chun corp s'aige a mhunlú go dtí go raibh crut lúthchleasaí idéalach air.

Ó thaobh na peile de is mar scoláire ar an chluiche a tháinig fás as cuimse ar Chormac. Bhí Cormac sásta staidéar a dhéanamh ar na máistrí agus laochra peile ionas go mbeadh sé féin ábalta aithris a dhéanamh orthu ar na páirceanna imeartha. Fríd scagadh a dhéanamh ar sheanchluichí d'fhoghlaim Cormac i bhfad níos mó faoin chluiche agus na háiteanna a raibh sé féin le himirt ar an pháirc. Chuir sé na huaireanta oibre isteach ag foghlaim agus mar sin ní raibh iontas ar aon duine againne nuair a bhí sé ábalta an cheist a fhreagairt agus é féin a athrú ó imreoir a d'imir thart fá lár na páirce go dtí imeall na cearnóige.

Chuir sé an obair chéanna isteach chuig an taobh meabhrach den chluiche, é sásta foghlaim ó leithéidí John Kremer in Ollscoil na Banríona, é i gcónaí sásta féincheistiú a dhéanamh faoin iarracht agus imirt s'aige féin agus mar atá a fhios againn ba ghnách leis scóranna a thabhairt do féin i ndiaidh cluichí ar achan ghné den imirt s'aige.

Ach is ag na croisbhealaí a bhí muid an lá sin, an bóthar ag dul in airde go dtí an Bhréantair agus áit dhúchais Chormaic, agus is é an dúchas agus dúil sa dúchas ceann de na tréithe is láidre a bhí ag Cormac. Fear a raibh a chroí istigh sa stair áitiúil, cath na Binne Boirbe, logainmneacha áitiúla agus na lochanna a bhí sa cheantar. Labhair Cormac go bródúil faoin Bhréantair, faoin áit s'aige féin. Bhí mórtas cine aige don cheantar s'aige. Thuig Cormac an tábhacht a bhain le teanga s'againn féin. Thug sé faoin teanga a fhoghlaim agus ní féidir dearmad a dhéanamh choíche den óraid ghalánta i nGaeilge a thug sé, captaen faoi aois in Ardán Uí Ógáin. Ag déanamh aithris ar leithéidí Sheosaimh Uí Chonghaile, agus é ag labhairt le bród agus Corn Tom Makham a thógáil aige. Ní nach ionadh gur bhain Pádraig Hampsey úsáid as an Ghaeilge nuair a thóg sé féin Sam anuraidh.

Is é sin ceann de na ceachtanna is mó atá le foghlaim againn ón saol a bhí ag Cormac agus muid ag ceiliúradh Sheachtain na Gaeilge, bheith bródúil as d'áit dúchais, bheith bródúil as an teanga atá agat, bí sásta foghlaim faoin stair s'agat féin agus teanga s'agat féin agus nuair a bheas an deis agat, ar Ardán Uí Ogáin nó i do chlub féin, scaoil amach í, bain úsáid as an teanga ársa galánta seo atá againn.

Bíodh dúil sa dúchas agaibh féin, mar a bhí ag Cormac.

# Cuardach Focal

| | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| L | I | A | T | H | R | Ó | I | D | A | R | D | A | N | A | N | Ó | B |
| A | M | S | B | Ú | A | Í | T | R | N | P | C | P | C | Ú | M | L | R |
| G | O | Ú | D | C | É | I | M | L | E | A | T | A | O | I | B | H | E |
| M | P | A | L | Á | Í | S | L | I | O | Á | U | B | S | C | L | N | I |
| H | É | D | C | I | B | C | É | S | U | Í | R | Ó | G | B | O | I | T |
| L | P | A | S | L | Á | I | M | H | E | Ó | L | D | O | É | C | Ó | H |
| P | I | R | L | H | B | R | Í | T | P | B | H | N | L | H | Á | S | O |
| A | R | D | Ú | C | H | U | G | A | T | P | Á | E | Á | T | I | M | S |
| S | N | Ú | I | G | A | G | I | Á | O | A | S | É | M | D | L | U | D |
| B | D | U | Á | Ó | C | U | E | H | M | S | B | O | H | Í | D | R | O |
| O | É | A | T | H | G | A | F | T | E | A | N | N | F | O | L | O | C |
| I | R | I | G | P | R | L | O | Ú | P | R | A | F | G | U | Ú | B | H |
| S | Ó | T | A | R | R | A | I | N | G | A | R | M | I | Á | Í | M | I |
| E | T | U | D | E | D | I | C | Á | U | I | Ú | G | E | S | E | T | O |
| F | E | P | F | A | F | N | É | N | E | S | C | Ú | P | Á | I | L | N |
| R | Í | F | E | B | S | N | U | C | O | I | S | C | É | I | M | P | N |
| B | R | E | I | T | H | Í | S | E | A | L | T | H | Ú | G | I | Ú | É |

***Aimsigh na téarmaí imeartha seo a leanas:***

**liathróid ard** (high ball) **/ preab** (hop) **/**

**cos go lámh** (solo) **/ húcáil** (hook) **/ blocáil** (block) **/**

**ardú chugat** (roll lift) **/ ardú uait** (jab lift) **/**

**pas láimhe** (hand pass) **/ pas boise** (palm pass) **/**

**breith íseal** (low catch) **/**

**breith os do chionn** (overhead catch) **/ teann** (press) **/**

**tarraing ar** (pull) **/ pas ar ais** (return pass) **/**

**scúpáil** (scoop) **/ céim leataoibh** (sidestep) **/**

**gualainn** (shoulder) **/ coiscéim** (step)



# Do Chlub, Do Chontae

# Caith an Fáinne!








Tá an Fáinne ar fáil ó

**www.gael-linn.ie / www.cnag.ie**

#GAAgaeilge

Conradh na Gaeilge    Gael Linn

# Cén fáth 'Corn Tailteann' agus cén chaoi a n-oibreoidh sé?

Tá comórtas nua peile Chumann Lúthchleas Gael, Craobhchomórtas Peile 'Chorn Tailteann', ag teacht chun deiridh agus gan fágtha faoin tráth seo ach an cluiche ceannais. Níl aon amhras faoi ach go bhfuil idir scléip, spórt agus spraoi amach romhainn sa chomórtas seo!

Is iomaí trácht sa bhéaloideas agus sa seanchas ar 'Tailteann' agus breathnaíonn muid siar anseo ar chúlra ainm an choirn nua seo, 'Corn Tailteann'. Dar ndóigh, nuair a luaitear 'Tailteann' is minic a smaoiníonn daoine ar chúrsaí spóirt sa seanam agus ar 'Aonach Tailteann', mórfhéile a ainmníodh i ndiaidh Tailteann.

Mhair 'Tailtiú' i seanstair na hÉireann agus nuair a cailleadh í agus nuair a cuireadh í ag láthair shácráilte i gContae na Mí, chuir a mac altrama, Lugh Lámhfhada, tús le hAonach Tailteann ina honóir.

Ócáid chultúrtha a bhí san ócáid seo ina ndearnadh craobhscaoileadh ar dhlíthe áirithe agus inar tugadh ómós do na mairbh. Bhí cúrsaí spóirt lárnach san aonach agus is iomaí cluiche agus taispeántas a eagraíodh mar chuid de. Dar ndóigh, bhí an iománaíocht luaite i measc na gcluichí sin. De réir na dtuairiscí agus na dtaifead atá againn, mhair Aonach agus Cluichí Tailteann ar feadh na gcéadta bliain ina dhiaidh sin.

Tháinig deireadh leo, mar sin féin, le himeacht ama ach na blianta fada ina dhiaidh sin, tar éis gur bunaíodh an Saorstát, rinne rialtas an tSaorstáit nua iarracht 'Cluichí Tailteann' a athbhunú agus a athbheochan an athuair le linn fhichidí agus thríochaidí an fichiú haois. Tráthúil go leor, bhí Páirc an Chrócaigh mar cheann de na príomhionaid a úsáideadh do na cluichí sin.

Dar ndóigh, is í Páirc Tailteann a thugtar ar pháirc baile na Mí san Uaimh – in onóir 'Tailtiú' agus an tAonach ársa a thosaigh i gContae na Mí. Cuireadh tús le Rás Tailteann, comórtas rothaíochta, thiar sa bhliain 1953, freisin.

Níos faide anonn agus thiar sa bhliain 2017 rinneadh iarracht comórtais idir-Ghaeltachta dar teideal 'Aonach Tailteann' a chur ar bun agus bhí iarimreoir clúiteach na Gaillimhe, Seán Ó Domhnaill, ar as Gaeltacht na Ceathrún Rua dó i gConamara, ina measc siúd a sheol an fhéile. Féile spóirt, ealaíne agus filíochta a bhí i gceist leis an iarracht ba dhéanaí sin a rinneadh ar 'Aonach Tailteann' a athbheochan. Mar sin, feictear an nasc agus an ceangal a bhí ag Aonach agus agus Cluichí Taiteann leis na cluichí agus go leor eile de phríomhaidhmeanna Chumann Lúthchleas Gael riamh anall.

Maidir leis an gcomórtas nua féin, Craobhchomórtas Chorn Tailteann, tabharfar deis do na foirne nach bhfuil ag imirt i Roinn 1 nó Roinn 2 de Shraitheanna Allianz, agus nach mbaineann cluichí ceannais na gcraobhchomórtas cúige amach, gabháil san iomaíocht le Craobhchomórtas uile-Éireann a



bhuachan i bPáirc an Chrócaigh gach bliain.

Imreoidh buaiteoirí an chomórtais i gCraobhchomórtas Shomhairle Mhig Uidhir i 2023 beag beann ar an roinn sraithe ina bhfuil siad ag an am sin. Chomh maith leis sin, tabharfar aitheantas ar leith do na sárimreoirí sa chomórtas seo a dhéanann éachtaí agus gaiscí ar leith ar an bpáirc imeartha le linn an chomórtais nuair a roghnófar '15 an Chraobhchomórtais' níos déanaí sa bhliain. Imreofar Cluiche Ceannais Chraobhchomórtas Chorn Tailteann ar 9 Iúil i mbliana i bPáirc an Chrócaigh, ar an lá céanna le Cluiche Leathcheannais Peile na hÉireann agus craolfar beo ar RTÉ é.

Neosfaidh an aimsir cé a bhainfidh stair amach in annála Chumann Lúthcheas Gael mar chéad bhuaiteoirí Chraobhchomórtas Peile Chorn Tailteann. Bainimis idir shult agus thaitneamh as na cluichí...


# Crosfhocal

***TRASNA***

1. Club Daniel Flynn, Droichead, 6,6
4. Imríonn sé peil le hUíbh Fhailí, _____ Moloney, 6
6. Curaidh Peile Laghean 2004, 2,6
8. Réiteoir ón Mí, 5, 5
11. Curaidh Chorn Nicky Rackard 2022, 3, 7
13. Focal eile ar pheil, 4
14. Club iomána i mBaile Átha Cliath ___ a' Bealach, 3
15. Bainsiteoir Iomána Luimnigh, 5

***SÍOS***

1. Imríonn sé peil le hArd Mhacha, 5
2. Podchraoladh Oifigiúil CLG i gomhar leis an, 5, 4
3. Comórtas de chuid Scór, 9
5. Ambasadóir Gaeilge CLG, 4, 6
7. Contae Dessie Hutchinson, 4, 6
9. Contae Dónal Burke, 3, 5
10. Curaidh Peile Sinsir an Chláir 2021, 4, 2
12. Iar-Ardstiúthóir CLG, Páraic _____, 5



***FREAGRAÍ***



# Nodanna don Imreoir Óg Le Paul Conroy, Ambasadóir Gaeilge Chumann Lúthchleas Gael 2022




An chomhairle is mó a bheadh agam d'imreoir óg ar bith atá ag iarraidh feabhas a chur ar a gcuid imeartha ná gach deis a thapú le bheith ag cleachtadh agus ag traenáil. Má tá tú sa mbaile, agus tú díomhaoin, gabh amach chuig an ngairdín agus déan cleachtadh ar na bunscileanna – an pas láimhe leis an lámh dheas agus ansin leis an lámh chlé, an piocadh suas, an preab, an chos go lámh, an bhreith ard, saorchiceanna nó pocanna saora más ag cleachtadh do chuid iomána atá tú.

Má tá balla taobh amuigh agat, bí ag ciceáil na liathróide in aghaidh an bhalla agus ag breith ar an liathróid. Úsáid é le cruinneas do chuid ciceála a fheabhsú. Déan iarracht áiteanna éagsúla ar an mballa a aimsiú leis an liathróid ach déan cinnte nach bhfuil aon fhuinneog gar duit!

Nuair a bhíonn tú ag traenáil leis an scoil nó leis an gclub cuir ceisteanna ar na bainisteoirí agus ar na cóitseálaithe atá i gceannas. Éist lena gcuid comhairle agus bí ag iarraidh feabhsú i gcónaí. Tá na bainisteoirí agus na cóitseálaithe ann ar mhaithe leat agus le cabhrú leat.

Tá sé tábhachtach, freisin, meas a léiriú ar gach duine atá bainteach leis an bhfoireann – do chuid comhimreoirí, bainisteoirí, cóitseálaithe agus duine ar bith eile atá ag cabhrú leis an bhfoireann. Cruthaíonn sé seo atmaisféar dearfach ina bhfuil gach duine in ann imirt go sona sásta.

An chomhairle dheireanach atá agam d'imreoirí óga ná taitneamh a bhaint as an traenáil agus na cluichí. Bíodh meangadh gáire ar d'aghaidh nuair atá tú ag imirt agus ná bíodh aon fhaitíos ort botúin a dhéanamh. Dar ndóigh, bheadh an chomhairle chéanna agam do dhaoine óga maidir leis an nGaeilge, freisin.

Ná déan dearmad riamh gur le cleachtadh a thagann máistreacht!




# 10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh!

*Ná bígí ag googláil!*

1. Cén t-ainm atá ar pháirc bhaile Shligigh?
2. Cá mhéad Craobh Sinsir Peile Uile-Éireann atá buaite ag Cill Dara?
3. Cé a bhuaigh Craobh Sinsir Iomána na hÉireann sa bhliain 2010?
4. Cé leis a n-imríonn Johnny Maloney?
5. Cé a bhuaigh Craobh Sinsir Iomána Laighean sa bhliain 1996?
6. Cé hiad curaidh reatha sinsir club na hÉireann san iomáint?
7. Cén contae ina n-imríonn Ramhar Aontaithe?
8. Cé a bhí ina Uachtarán ar Chumann Lúthchleas Gael roimh Labhrás Mac Cárthaigh?
9. Ce leis a n-imríonn Neil McManus iomáint?
10. Cé hiad curaidh reatha sinsir club na hÉireann sa pheil?

FREAGRAÍ

# Cúrsa Cuimhneacháin Shéamuis de Faoite 2022

***Tá Cúrsa Gaeltachta CLG Uladh, Cúrsa de Faoite sna Dúnaibh, ar ais i mbliana den chéad uair ó bhí 2019 ann. Táimid dóchasach go mbeidh cúrsa den chéad scoth againn in 2022 agus muid uilig bailithe sna Dúnaibh arís.***

***Ulster GAA's flagship Gaeltacht course for adult learners, Cúrsa de Faoite, is back in 2022 for the first time since 2019 and the emergence of Covid-19. We are looking forward to welcoming attendees, both old and new, to Downings, Dún na nGall this July.***

Is féidir iarratas a líonadh isteach anois. Thig sin a dhéanamh ar líne www.ulstergaa.ie/culture, nó is féidir teagmháil a dhéanamh le tricia.nichearra.ulster@gaa.ie. You can fill in the registration form now online, or by contacting Oifigeach Gaeilge CLG Uladh.

Beidh ceithre rang ar fáil – bunrang, meánrang íochtarach agus uachtarach agus ardrang. Beidh imeachtaí oíche curtha ar fáil chomh maith – léacht an chúrsa, ceolchoirm, dinnéar mór an chúrsa agus go leor eile nach iad!

*The course will consist of four class levels – beginner, lower and higher intermediate, and advanced. Plenty of evening activities will also be available to our attendees: concert, course lecture and welcome evening, banquet and lots more!*

Tá sé de rún againn imeachtaí lae a shocrú chomh maith. Beidh deis ag foghlaimeoirí an chúrsa dul go Rann na Feirste ar thuras béaloidis, ar shiúlóid trí Ghaeilge thart fán cheantar, agus deis acu an Ghaeilge atá foghlamtha acu ar an chúrsa a chleachtadh ag seisiún comhrá.

*The organisers will also provide day-time events for attendees. Our learners will be able to visit Rann na Feirste to hear some first-hand folklore, take part in a walking tour of the area, and practice the Gaeilge they have learned outside of class time during our conversation sessions.*

Cuirimid in iúl dár mbaill a d'fhreastail ar an chúrsa seo roimhe go bhfuil roinnt athruithe curtha i bhfeidhm




againn i mbliana agus muid ag athsheoladh an chúrsa. Ní bheidh an cúrsa saor in aisce as seo amach, sin ráite, tá lacáiste ar fáil dár mbaill, do mhic léinn agus do theaghlaigh ag teacht ó aon teach amháin. Táimid sásta sin a phlé libh agus sibh ag cur isteach ar áit.

*Previous attendees are asked to note that this course is being relaunched with some changes to the previous structure. Cúrsa de Faoite is no longer free to attend, but discounted rates are available for GAA members, students and families attending with more than one member from one household.*

# Boinn de chuid Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha bronnta ar 37 club




Bronnadh boinn ar 37 club ó gach cearn den tír le gairid mar aitheantas ar a gcuid oibre ag cur chun na Gaeilge ina gcuid clubanna. Ba i gclubtheach Bhaile Buadáin Naomh Éanna a rinneadh an bronnadh le linn mhí an Mhárta. 189 club ar fad a ghlac páirt san Fhondúireacht sa bhliain 2021.

26 club ar fad a ghnóthaigh an bonn cré-umha, 6 club a ghnóthaigh an bonn airgid agus cúig cinn ar fad a ghnóthaigh an bonn óir – Cumann Caide na Gaeltachta ó Chiarraí, CLG Thuar Mhic Éadaigh ó Mhaigh Eo agus Cumann Peil na mBan, Maigh Cuilinn, CLG na Ceathrún Rua agus CLG Chárna Caiseal ó Chonamara.
Scéim í Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha de chuid Chumann Lúthchleas Gael agus Ghlór na nGael a thugann aitheantas do chlubanna a bhíonn gníomhach agus iad ag cur chun cinn na Gaeilge ina gcuid clubanna.

Dúirt Cathaoirleach Choiste Náisiúnta Gaeilge Chumann Lúthchleas Gael, Gráinne McElwain:
'Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leis na clubanna sin ar éirigh leo boinn de chuid Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha a bhaint amach i mbliana. Ba mhaith liom tréaslú ach go háirithe le CLG Thuar Mhic Éadaigh, Cumann Peil na mBan, Maigh Cuilinn, CLG na Ceathrún Rua, CLG Chárna Caiseal agus le Cumann Caide na Gaeltachta, ar éirigh leo an bonn óir a bhaint amach.

'Aidhm an-tábhachtach de chuid Chumann Lúthchleas Gael é cur chun cinn na Gaeilge agus ábhar mór bróid dúinn go bhfuil an scéim seo i measc na scéimeanna is mó Gaeilge a bhfuil ann.

'Ba mhaith liom mo mhíle buíochas a ghabháil, freisin, le Glór na nGael, páirtnéirí an Chumainn sa scéim seo. Bíonn foireann dhíograiseach Ghlór ag obair ar an scéim seo go laethúil agus tá forbairt mhór mhillteach déanta acu uirthi ó cuireadh ar bun í roinnt blianta ó shin.'

Dúirt Caitríona Nic Seoin, Bainisteoir Forbartha le Glór na nGael:
'Cuireann rannpháirteachas gníomhach na gcumann san fhondúireacht seo go mór le feiceálacht agus le húsáid na Gaeilge i gclubanna CLG fud fad na tíre. Is cúis áthais dúinn go bhfuil éileamh láidir ar an scéim i gcónaí agus go bhfuil muid ag feiceáil torthaí na hoibre ar an talamh sna pobail.'
Tá tuilleadh eolais maidir le Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha ar fáil ANSEO

***BOINN ÓIR:***

CLG Thuar Mhic Éadaigh, Maigh Eo
Cumann Peil na mBan Maigh Cuilinn, Gaillimh
CLG na Cheathrún Rua, Gaillimh
CLG Chárna Caiseal, Gaillimh
Cumann Caide na Gaeltachta, Ciarraí

***BOINN AIRGID:***

Bearna – Na Forbacha (Iománaíocht), Gaillimh
CLG An Ríocht, An Dún
CLG Naomh Peadar, Ard Mhacha
CLG Bhaile Buadáin - Naomh Éanna, Áth Cliath
CLG Naomh Colmcille, Tír Eoghain
CLG An Clochán Liath, Dún na nGall




***BOINN CHRÉ-UMHA:***

CLG Chabán tSíle, Áth Cliath
CLG Clanna Gael Fontenoy, Áth Cliath
CLG Fhánaithe Baile Buadáin, Áth Cliath
CLG Na Cloigthithe, Áth Cliath
CLG Naomh Barróg, Áth Cliath
CLG Naomh Pádraig, Áth Cliath
CLG Shairséalaigh Leamhcáin, Áth Cliath
CLG Chill Mhichíl, An Clár
CLG An Ghleanna, An Dún
CLG Ard Ghlais, An Dún
CLG Chlann na Banna, An Dún
CLG Bhaile Mhic an Aba, Ard Mhacha
CLG Na Piarsaigh, Ard Mhacha
CLG Uí Raithilligh, Ard Mhacha
CLG Achadh Mórdha, Cill Dara
CLG Bhaile Éilís, Cill Dara
CLG Mhainistir Eimhín, Cill Dara
CLG Nás na Ríogh, Cill Dara
CLG Na Piarsaigh, Doire
CLG Naomh Trea, Doire
CLG Bhaile na nGallóglach, Dún na nGall
CLG Bhealach na Leice, Fear Manach
CLG Naomh Iósaf Eadarnaigh, Fear Manach
CLG Mungairit Naomh Póil, Luimneagh
Peil na mBan – Pailís Ghréine, Luimneach
CLG Ghaeil Mhaigh Eo, Maigh Eo

Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha

Ár gCluichí – Ár Laochra




## Faigh tacaíocht d'Ár dTeanga !

## Our Games – Our Heroes – Get support for Our Language!

Is scéim tacaíochta de chuid Ghlór na nGael agus de chuid Chumann Lúthchleas Gael í Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha le haghaidh clubanna CLG ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn. Cuirfidh Glór na nGael cuidiú ar fáil don Oifigeach Gaeilge i bhfoirm chomhairle, tacaíochta agus idéanna le tógáil ar an obair mhaith atá á déanamh sa chlub cheana féin. Is féidir deontas a lorg ón Fhondúireacht chun cuidiú leis na pleananna sin a chur i gcrích agus bronnfar bonn ar na clubanna as méid áirithe a bhaint amach ar son na teanga.

The Joe McDonagh Foundation is a support service provided by Glór na nGael and the GAA to clubs wishing to further the Irish Language in their community. Glór na nGael will offer help to the Oifigeach Gaeilge to give them direction, support and ideas to build on the good work that has already been done within the club. Grants are available from the Foundation to help realise your plans and medals will be awarded to clubs for various levels of achievement in promotion of the language.

www.glornangael.ie

Glór na nGael

GAA





# Freagraí

***P. 18***
## ***Crosfhocal***

| | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| [1] B | H | A | I | L | E | [2] S | H | E | Á | I | N | | | | |
| U | | | | | | P | | | | | | | | | [3] N |
| R | | | | | [4] J | O | H | N | N | Y | | | | | U |
| N | | | | [5] P | | T | | | | | | | | | A |
| S | | [6] A | | A | | A | | | | | | [7] P | | | C |
| | | N | | U | | [8] D | A | V | I | D | G | O | U | G | H |
| | | I | | L | | U | | | | | | R | | | L |
| [9] Á | | A | | C | | B | | [10] É | | | | T | | | E |
| [11] T | Í | R | E | O | G | H | A | I | N | | | L | | | A |
| H | | M | | N | | | | R | | | | Á | | | S |
| C | | H | | R | | [12] D | | E | | [13] C | A | I | D | | |
| L | | Í | | O | | U | | Ó | | | | R | | | |
| I | | | | Y | | [14] F | Á | G | | | | G | | | |
| A | | | | | | F | | | | [15] K | I | E | L | Y | |
| T | | | | | | Y | | | | | | | | | |
| H | | | | | | | | | | | | | | | |

***P. 20***
## ***10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh***

1. Páirc Markievicz
2. 4
3. Tiobraid Árann
4. Uíbh Fhailí
5. Loch Garman
6. Baile Mhic Gonair
7. An Cabhán
8. Seán Ó hÓráin
9. Aontroim
10. Cill Chua



# MÍLE BUÍOCHAS

**Míle buíochas le gach duine a chuir ábhar ar fáil
don eagrán is deireanaí seo de 'Cuaille'. Cuirtear fáilte roimh aiseolas agus
is féidir tuairimí a chur in iúl nó ceisteanna
a chur chuig jamie.otuama@gaa.ie.**

**Arna chur ar fáil ag Rannóg Cumarsáide Chumann Lúthchleas Gael i bPáirc an Chrócaigh
agus á chur i in eagar ag Jamie Ó Tuama.**

**Deartha ag DBA Publications,
An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath.**

TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN

TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN